Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15712/25**

**TELECOM 420**
**COMPET 1209**
**CYBER 339**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 835 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>STRAITÉIS UM AONTAS SONRAÍ EORPACH<br>UNLOCKING DATA FOR AI |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 835 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 835 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.11.2025
COM(2025) 835 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

# STRAITÉIS UM AONTAS SONRAÍ EORPACH
# UNLOCKING DATA FOR AI

**1. Réamhrá - Sonraí a chur ar fáil le haghaidh na hintleachta saorga**

Tá an geilleagar domhanda á athrú ó bhonn ag an intleacht shaorga agus tá méideanna móra sonraí ardcháilíochta de dhíth ar an Aontas chun dul san iomaíocht agus chun an nuálaíocht a spreagadh. Gan na sonraí sin, ní féidir leis an Aontas samhlacha láidre IS a thógáil, cúram sláinte ná an córas fuinnimh a bharrfheabhsú, ná ceannaireacht thionsclaíoch a chothú. I gcás fiontair bheaga agus mheánmhéide go háirithe, beidh rochtain níos fearr ar shonraí cinntitheach chun méadú a dhéanamh agus chun leanúint de bheith iomaíoch.

Tá bunchlocha láidre leagtha síos ag an Aontas chun margadh aonair slán, idir-inoibritheach le haghaidh sonraí a chruthú trí phríomhreachtaíochtaí amhail an Gníomh um Shonraí[1], agus trí infheistíocht a dhéanamh i spásanna coiteanna sonraí Eorpacha[2]. An tráth céanna, leis an bPlean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga[3] agus leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga[4], cruthaíodh na dálaí chun go mbeidh an tAontas ar thús cadhnaíochta maidir le forbairt agus glacadh na hintleachta saorga.

Mar sin féin, tá ganntanas sonraí os comhair an Aontais maidir le forbairt IS, chomh maith le hiomaíocht gheopholaitiúil atá ag dul i méid agus méadú ag teacht ar an mbarúil gur sócmhainn straitéiseach iad sonraí. Tá go leor sonraí luachmhara fós neamh-chomhtháite nó tearcúsáidte, mar gheall ar éagsúlacht chasta rialacha sonraí freisin, agus an tráth céanna tá iomaitheoirí domhanda ag bogadh níos tapúla chun leas a bhaint astu ar mhaithe le buntáiste teicneolaíoch agus tionsclaíoch.

Chun comhlíonadh a éascú agus intuarthacht a fheabhsú, tá sé beartaithe leis an omnibus digiteach an tírdhreach rialála sonraí a shimpliú trí **cheithre ionstraim dlí a chumasc in aon chreat sonraí comhleanúnach amháin**. Thairis sin, chun tacú le cuideachtaí agus chun comhlíonadh a éascú, beidh **pacáiste tacaíochta cuimsitheach faoin nGníomh um Shonraí** ag gabháil leis an straitéis. Le téarmaí conarthacha eiseamláireacha, clásail chaighdeánacha néalríomhaireachta agus deasc chabhrach thiomnaithe, cuideofar le FBManna go háirithe a gcuid oibleagáidí a láimhseáil, castacht dhlíthiúil a laghdú agus díriú ar an nuálaíocht. Beidh feidhm ag clásail eiseamláireacha maidir le caidreamh gnólacht le gnólacht agus gnólacht le rialtas araon, agus tacófar le cruthú sonraí, comhroinnt sonraí agus conarthaí níos simplí.[5]

Leis an Straitéis um Aontas Sonraí Eorpach, aistrítear an fócas ó rialacha go torthaí. Chun é sin a bhaint amach, gníomhóidh an tAontas i dtrí réimse tosaíochta:

---

[1] Rialachán (AE) 2023/2854 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir (AE) 2020/1828

[2] An Coimisiún Eorpach, Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Spásanna Coiteanna Sonraí Eorpacha, SWD(2024) 21 final, 24 Eanáir 2024.

[3] An Coimisiún Eorpach (2025). Plean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. COM(2025) 165 final. An Bhruiséil: An Coimisiún Eorpach.

[4] An Coimisiún Eorpach, Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, COM(2025) 723 final, An Bhruiséil, 8 Deireadh Fómhair 2025

[5] Clásáil chonarthacha eiseamláireacha nuashonraithe an Aontais maidir leis an intleacht shaorga | Comhphobal na gCeannaitheoirí Poiblí

- **rochtain a mhéadú ar shonraí le haghaidh IS**, le tionscnaimh amhail **saotharlanna sonraí** a chuireann seirbhísí iontaofa bréagainmniúcháin ar fáil agus a chomhthiomsaíonn acmhainní sonraí ar fud gníomhaithe poiblí agus príobháideacha chun tacair sonraí ardcháilíochta a sholáthar do chuideachtaí agus do thaighdeoirí.
- **rialacha sonraí a chuíchóiriú** chun comhroinnt sonraí a dhéanamh níos éasca do ghnólachtaí agus do thaighdeoirí, lena n-áirítear **toiliú fianán a athchóiriú** chun tuirse a laghdú agus cearta á gcosaint an tráth céanna.
- **seasamh domhanda an Aontais a neartú maidir le sreafaí sonraí idirnáisiúnta**, trí dhul i ngleic le bacainní trádála nach bhfuil údar leo ionas gur féidir le cuideachtaí Eorpacha dul san iomaíocht agus cothrom iomaíochta ann ar fud an domhain.

## 2. Ag tógáil ar an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí (2020-2025)

Le straitéis Eorpach 2020 maidir le sonraí[6], chruthaigh an tAontas an bhunchloch dhlíthiúil agus institiúideach le haghaidh margadh aonair slán agus cothrom le haghaidh sonraí. Ba é an sprioc a bhí ann leas a bhaint as acmhainneacht sonraí le haghaidh nuálaíochta agus fáis agus cearta á gcosaint an tráth céanna. Mar sin féin, le IS giniúnach agus iomaíocht gheopholaitiúil atá ag dul i méid, is léir nach mór don Aontas dul níos faide ná na bunchlocha atá tógtha aige.

Ba í an straitéis Eorpach maidir le sonraí an spreagadh don phríomhreachtaíocht chun iontaoibh a chothú, comhroinnt sonraí a chur chun cinn, agus rialacha a shoiléiriú ar fud an luachshlabhra sonraí. Leis an n**Gníomh um Rialachas Sonraí**, cruthaíodh sásraí le haghaidh comhroinnt iontaofa sonraí, idirghabhálaithe rialáilte, tugadh isteach creat maidir le cuideachtaí sonraí a chomhroinnt go deonach chun críoch leasa ghinearálta (altrúchas deonach sonraí), agus osclaíodh tacair sonraí áirithe de chuid na hearnála poiblí atá faoi chosaint. Cuireann an **Gníomh um Shonraí** sonraí ó tháirgí agus ó sheirbhísí nasctha ar fáil trí chearta rochtana agus úsáide a shoiléiriú. Ar deireadh, faoin **Treoir maidir le Sonraí Oscailte** agus faoin nGníomh Cur Chun Feidhme a ghabhann léi maidir le tacair sonraí ardluacha (is infheidhme ó bhí mí an Mheithimh 2024 ann), níor mhór tacair sonraí áirithe de chuid na hearnála poiblí a chur ar fáil gan bhac agus go hoscailte i bhformáidí meaisín-inléite. Mar sin féin, tá cur chun feidhme náisiúnta neamhréireach agus éiginnteachtaí maidir le rúin cheirde ar chuid de na dúshláin a bhaineann fós leis an gcreat reachtach atá ann cheana.

Áirítear ar na bearta tacaíochta a bunaíodh faoin straitéis Eorpach maidir le sonraí oibriú leis an mBord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí chun iarrachtaí na mBallstát a chomhordú agus iarraidh ar chaighdeánú chun an bealach a réiteach do chreat Eorpach um shonraí iontaofa[7].

---

[6] *The European data strategy – Shaping Europe's digital future* [An Straitéis Eorpach maidir le Sonraí – todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú], Oifig na bhFoilseachán, 2020, *https://data.europa.eu/doi/10.2775/645928*

[7] An Coimisiún Eorpach, Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2025) 4135 ón gCoimisiún an 1 Iúil 2025 maidir le hiarraidh ar chaighdeánú chuig na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú a mhéid a bhaineann le Creat Eorpach um Shonraí Iontaofa chun tacú le Rialachán (AE) 2023/2854 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, le fáil ag: https://ec.europa.eu/growth/tools-databases/enorm/mandate/614_en (arna rochtain an 27 Deireadh Fómhair 2025)

Chun an margadh aonair Eorpach le haghaidh sonraí a fhíorú, idir 2021 agus 2024 d'infheistigh an Coimisiún EUR 336 mhilliún in 14 spás coiteann sonraí Eorpacha straitéiseacha lena gcuimsítear príomhearnálacha eacnamaíocha agus réimsí a bhaineann le leas an phobail, rud a chomhlánaíonn iarrachtaí na hearnála náisiúnta agus na hearnála príobháidí. Cuireann na spásanna sin bonneagar slán agus creataí rialachais ar fáil le haghaidh comhroinnt dheonach sonraí faoi choinníollacha comhaontaithe. Is é an príomhdhúshlán atá ann anois na hiarrachtaí sin a mhéadú chun tionchar uile-Aontais a bheith acu.

*Cumhdaíonn Spás Sonraí Íomhá Ailse Eorpach íomhánna anaithnidithe agus anótálacha. Faoi 2027, **beidh níos mó ná 60 milliún íomhá ailse ann**.*

### 3. Trí dhúshlán nach mór don Aontas aghaidh a thabhairt orthu anois

De réir mar a dhéanann teicneolaíocht agus seirbhísí IS an tírdhreach domhanda a athmhúnlú, ní mór don Aontas aghaidh a thabhairt go práinneach ar thrí dhúshlán straitéiseacha nua: ganntanas sonraí, castacht rialála, agus iomaíocht dhomhanda atá ag dul i méid.

#### Ganntanas Sonraí: Scrogall struchtúrach le haghaidh na nuálaíochta

Le teacht chun cinn IS giniúnach, samhlacha teanga móra agus IS gníomhaíoch[8], tá rochtain ar thacair sonraí ardtoirte, ardcháilíochta, neamhfheicthe agus réimse-shonracha ina gné chinntitheach den iomaíochas domhanda anois. De réir Epoch AI, tuairim agus gach 6 mhí, tagann méadú faoi dhó ar mhéid na dtacar sonraí a úsáidtear chun oiliúint a chur ar shamhlacha teanga móra[9] .

Éilíonn samhlacha teanga móra agus cineálacha eile bunsamhlacha tacair ollmhóra éagsúla sonraí oiliúna. Tugtar le fios i staidéir, leis na treochtaí atá ann faoi láthair, go bhféadfaí an méid sonraí oiliúna atá ar fáil go poiblí a ídiú idir 2026 agus 2032.[10].

Tá dhá dhúshlán roimh an Aontas: (i) tacair sonraí ardcháilíochta, lena n-áirítear tacair sonraí earnáilsonracha freisin, a chur ar fáil ar bhonn níos forleithne; agus (ii), a áirithiú go mbeidh rochtain fhorleathan ar an mbonneagar ríomhaireachta is gá chun na tacair sonraí sin a phróiseáil . An méid sonraí agus an éagsúlacht sonraí agus an rochtain ar acmhainneachtaí ríomhaireachta Eorpacha is gá chun réitigh iomaíocha IS a fhorbairt, tá na nithe sin in easnamh

[8] 'Is córais IS iad IS gníomhaíocha ar féidir leo cinntí agus gníomhaíochtaí a dhéanamh go neamhspleách. Cuireann sé sin ar a gcumas do ghníomhairí teanga a thuiscint, réasúnú a dhéanamh maidir le cúraimí, gníomhaíochtaí a dhéanamh go huathrialaitheach chun cuspóirí réamhshainithe a bhaint amach, agus idirghníomhú leis an saol mórthimpeall orthu, agus idirghníomhaíochtaí a eagrú, lena n-áirítear le daoine

[9] Robi Rahman agus David Owen (2024), '*The size of datasets used to train language models doubles approximately every six months'. Foilsithe ar líne ag epoch.ai.* Arna aisghabháil ó: 'https://epoch.ai/data-insights/dataset-size-trend' [acmhainn ar líne]

[10] Villalobos, P., Ho, A., Sevilla, J., Besiroglu, T., Heim, L., & Hobbhahn, M. (2024). *Position: Will we run out of data? Limits of LLM scaling based on human-generated data*. In K. Chaudhuri, S. Jegelka, L. Song, D. L. Silver, & Y. Ermon (Eag.), *Proceedings of the 41st International Conference on Machine Learning* (Imleabhar 235, lgh. 42085–42101). PMLR. https://proceedings.mlr.press/v235/villalobos24a.html

ar go leor gnólachtaí Eorpacha, go háirithe FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta. Gan gníomhaíocht phráinneach, tá an baol ann go bhfágfar an tAontas ar lár.

**Castacht rialála: cuireann ilroinnt bac ar mhéadú**

Tar éis straitéis Eorpach 2020 maidir le sonraí, thug an tAontas rialacháin thábhachtacha isteach lena gcuirtear le rialacha a bhí ann cheana - an Gníomh um Rialachas Sonraí[11], an Gníomh um Shonraí, agus dlíthe earnálacha éagsúla amhail an Rialachán maidir le Spás Eorpach Sonraí Sláinte[12]. Le gach ceann de na tionscnaimh sin, díríodh ar shaincheisteanna sonracha, amhail sásraí le haghaidh comhroinnt sonraí, dáileadh cothrom luacha agus dul i ngleic le ceanglais logánaithe a bhfuil ualach mór ag baint leo. Mar sin féin, le hidirghníomhú casta idir an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)[13] agus dlíthe earnála, agus cur chun feidhme míchothrom ar fud na mBallstát, cruthaíodh tírdhreach rialála ilroinnte, éiginnteacht dhlíthiúil, lena n-áirítear le haghaidh údaráis phoiblí, agus ardaíodh costais chomhlíontachta, go háirithe le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna.

Mar shampla, tá soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí – réimse atá fós ag teacht chun cinn – faoi réir oibleagáidí dlíthiúla sriantacha a chuireann teorainn lena gcumas fáis. Ní mór a áirithiú nach gcuirtear ualach ar éiceachórais luathchéime mar thoradh ar cheanglais dhíréireacha lena gcuirtear bac ar ghlacadh samhlacha comhroinnte sonraí agus ar leathadh spásanna sonraí. Chun an nuálaíocht a spreagadh, ní mór don Aontas na rialacha maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí a shimpliú.

**Iomaíocht dhomhanda: sonraí mar shócmhainn straitéiseach**

Sa rás IS, is príomhbhuntáiste straitéiseach í rochtain ar shonraí ardluacha. Ar fud an domhain, is sócmhainn gheopholaitiúil iad sonraí anois, agus tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as rochtain ar shonraí, logánú sonraí agus rialú sonraí mar ionstraimí cumhachta. Cé go gcuireann an tAontas sreafaí sonraí oscailte, slána, cothroma agus iontaofa chun cinn, leanann dlínsí eile straitéisí forránacha nó cosantaíocha . Cuireann logánú agus córais rochtana shriantacha thar lear teorainn le rochtain an Aontais ar acmhainní domhanda agus bíonn gnólachtaí an Aontais neamhchosanta ar rioscaí eacnamaíocha agus slándála. Chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht IS na hEorpa, ní mór don Aontas caitheamh le sonraí mar chroí-acmhainn straitéiseach agus infheistíocht a dhéanamh i dtacair sonraí shlána ardcháilíochta idir-inoibritheacha atá i gcomhréir le luachanna agus caighdeáin Eorpacha. Is riachtanas eacnamaíoch agus slándála é cumas na hEorpa a neartú maidir lena sonraí féin a bhailiú, a choimeád agus a úsáid. Ní mór don Aontas sreafaí tairbhiúla a dhaingniú, sonraí íogaire

[11] Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le rialachas sonraí Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 1)

[12] Rialachán (AE) 2025/327 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2025 maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte agus lena leasaítear Treoir 2011/24/AE agus Rialachán (AE) 2024/2847

[13] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Treoir 95/46/CE

neamhphearsanta a chosaint laistigh den Aontas, agus tacú leis an gceannasacht dhigiteach agus an iomaíocht theicneolaíoch ag dul i ndéine.

**4. Trí cholún na Straitéise um Aontas Sonraí Eorpach**

**Colún I: Rochtain a mhéadú ar shonraí ardcháilíochta le haghaidh IS agus na nuálaíochta**

Braitheann iomaíochas an Aontais in IS agus sa nuálaíocht dhigiteach ar rochtain ar shonraí ardcháilíochta agus ar an mbonneagar chun sonraí a chomhroinnt agus a úsáid go slán ar bhonn forleathan. Tá bunchlocha láidre leagtha síos ag an Aontas cheana féin trí bhíthin spásanna coiteanna sonraí Eorpacha, creataí rialachais, agus infheistíochtaí móra sa néalteicneolaíocht agus sa néalríomhaireacht. Is é an dúshlán atá ann anois aistriú ó threoirthionscadail agus ó thionscnaimh ilroinnte go héiceachóras sonraí rianúil, idir-inoibritheach agus inbhuanaithe, nuálaíocht cheannródaíoch a spreagadh agus ceannasacht dhigiteach an Aontais a neartú.

Chun é sin a bhaint amach, gníomhóidh an Coimisiún ar dhá bhealach chomhlántacha. Ar an gcéad dul síos, seolfaidh sé tionscnaimh shuaitheanta lena dtabharfar aghaidh ar na scrogaill is práinní san Aontas: rochtain theoranta ar thacair sonraí chriticiúla, bonneagar neamhleor le haghaidh forbairt IS ar mhórscála, agus an gá atá le timpeallachtaí iontaofa, lena n-áirítear saotharlanna sonraí a nascann spásanna sonraí le forbróirí IS. Feidhmeoidh na saotharlanna sonraí sin mar shaoráidí seirbhíse speisialaithe lena soláthrófar timpeallachtaí slána, uirlisí praiticiúla, agus tacaíocht shaineolach don chomhthiomsú sonraí, an coimeádaíocht, an bréagainmniú agus an t-anaithnidiú. Cuideoidh siad le cuideachtaí, go háirithe FBManna, sonraí a iompú ina n-acmhainní inúsáidte le haghaidh oiliúint IS agus rialú sonraí á chaomhnú an tráth céanna. Oibreoidh na hiarrachtaí sin i gcomhar leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, lena n-áiritheofar go dtacóidh an infhaighteacht sonraí go díreach le

**Spásanna Sonraí agus Saotharlanna Sonraí: Bloic Thógála Éiceachóras IS na hEorpa**

Is éard is **Spásanna Coiteanna Sonraí Eorpacha** ann éiceachórais comhroinnte sonraí atá bunaithe ar bhonneagar néalríomhaireachta agus rialacha soiléire rialachais lena sainítear cé atá in ann rochtain a fháil ar shonraí, sonraí a úsáid agus a chomhroinnt. Nascann siad gníomhaithe poiblí agus príobháideacha timpeall sásraí iontaofa le haghaidh malartú sonraí laistigh d'earnálacha agus ar fud earnálacha.

Is soláthraithe seirbhísí sonraí iad **Saotharlanna Sonraí** a nascann na spásanna sonraí sin le héiceachóras IS. Tugann siad rochtain shlán phraiticiúil do chuideachtaí agus do thaighdeoirí ar thacair sonraí ardcháilíochta, ar an tacaíocht a theastaíonn uathu chun comhlíonadh rialacha an Aontais a áirithiú, agus cuireann siad uirlisí, treoraíocht agus timpeallachtaí iontaofa ar fáil le haghaidh comhthiomsú sonraí, coimeádaíocht, lipéadú agus bréagainmniú.

Cuireann spásanna sonraí foinsí struchtúrtha sonraí iontaofa ar fáil, agus iompaíonn saotharlanna sonraí na sonraí sin ina n-acmhainní inúsáidte don nuálaíocht agus don fhorbairt IS, rud a áirithíonn sreabhadh rianúil ó infhaighteacht go cur i bhfeidhm.

himlonnadh agus nuálaíocht IS ar fud tionscal agus earnálacha poiblí. Ar an dara dul síos, neartóidh sé na hiarrachtaí sin le cumasóirí cothrománacha: soiléireacht dhlíthiúil maidir le comhthiomsú sonraí, caighdeáin maidir le cáilíocht sonraí, agus infheistíocht in acmhainneachtaí sonraí sintéiseacha[14], lena n-áirithítear scála, iontaoibh agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach ar fud na n-earnálacha uile.

**i. Na spásanna coiteanna sonraí Eorpacha a mhéadú**

Tá na **spásanna coiteanna sonraí Eorpacha** lárnach chun margadh aonair le haghaidh sonraí a thógáil. Leis an gcéad chéim eile, déanfar iad a mhéadú agus a nascadh le bonneagar IS trí shaotharlanna sonraí agus monarchana IS, rud a dhéanfaidh breosla de shócmhainní sonraí an Aontais le haghaidh IS iontaofa. I ndlúthshineirge leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, áiritheofar leis na hiarrachtaí sin go gcumasófar go díreach le spásanna sonraí forbairt agus imlonnadh IS ar fud na n-earnálacha.

Le **néal-mheánearraí Simpl**[15], beifear in ann idir-inoibritheacht a éascú ar fud tionscnamh trí bhíthin tacar comhpháirteanna foinse oscailte, modúlacha agus slána. Laghdaíonn sé sin bacainní do FBManna agus cruthaíonn sé naisc níos tapúla idir éiceachórais. Leis an ionad tacaíochta spásanna sonraí, treiseofar an glacadh, go háirithe i measc FBManna, trí fheasacht a mhúscailt agus trí threoraíocht phraiticiúil a thabhairt.

[14] Is éard is sonraí sintéiseacha ann sonraí a ghintear go saorga nach mbailítear ó fhíortheagmhais ach a ndéantar innealtóireacht orthu chun aithris ó thaobh staidrimh de a dhéanamh ar airíonna, patrúin agus gaolmhaireachtaí fíorthacair sonraí.

[15] Is meánearra foinse oscailte slán é Simpl a thacaíonn le rochtain ar shonraí agus le hidir-inoibritheacht i dtionscnaimh sonraí Eorpacha. Soláthraíonn sé comhpháirteanna comhoiriúnacha iomadúla, saor in aisce le húsáid, a chloíonn le caighdeán coiteann cáilíochta sonraí agus comhroinnte sonraí; https://simpl-programme.ec.europa.eu/

Le cistiú a bheidh ann ón Aontas amach anseo le haghaidh spásanna coiteanna sonraí Eorpacha, tabharfar tús áite d'earnálacha a bhaineann le leas an phobail, amhail an tsláinte, an tsoghluaisteacht, an fuinneamh, riaracháin phoiblí agus an comhshaol, agus an tráth céanna aistreoidh réimsí aibí amhail an mhonaraíocht agus an t-airgeadas chuig samhlacha atá faoi thionchar an mhargaidh. Tacóidh an Coimisiún leis an aistriú sin trí chaighdeánú, idir-inoibritheacht agus creataí comhinfheistíochta a chur chun cinn. Beidh comhtháthú úsáideoirí deiridh, ullmhacht IS agus inbhuanaitheacht airgeadais fós ina bpríomhchuspóirí.

***Na chéad chéimeanna eile le haghaidh Spás Eorpach Sonraí Sláinte:***

*Beidh Spás Eorpach Sonraí Sláinte ina phríomhnasc idir éiceachórais sonraí sláinte agus forbairt IS, rud a chuirfidh ar a gcumas do shaotharlanna sonraí agus do Mhonarchana IS tacair sonraí anaithnidithe agus shintéiseacha a ghiaráil laistigh de thimpeallachtaí próiseála iontaofa.*

*Ó mhí an Mhárta 2029, malartófar achoimrí ar othair agus ríomhoidis ar fud na mBallstát uile, mar aon le húsáid thánaisteach fhormhór na sonraí sláinte. Faoi mhí an Mhárta 2031, leathnófar é sin chuig íomhánna leighis, torthaí saotharlainne agus tuarascálacha scaoilte, agus cuirfear sonraí géanómaíocha agus sonraí eile leis le haghaidh úsáid thánaisteach.*

I measc na ngníomhaíochtaí suaitheanta faoin Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, giarálfaidh an tAontas **Spásanna Coiteanna Sonraí Eorpacha** chun dlús a chur le himlonnadh IS ar fud na bpríomhearnálacha agus chun tacú le samhlacha IS Ceannródaíoch a fhorbairt tríd an Tionscnamh um IS Ceannródaíoch. Tá na gníomhaíochtaí sin nasctha go dlúth le tionscnaimh shuaitheanta eile a bhaineann le Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, amhail Bunsamhlacha don Tionscal, Fionnachtain Cógaisíochta atá cumhachtaithe ag IS, Cathracha atá Uaillmhianach maidir le Tiomáint Uathrialach, agus gach ceann acu ag tarraingt ar shonraí earnála a chuirtear ar fáil trí na Spásanna Coiteanna Sonraí Eorpacha. Bíonn feidhmeanna nithiúla ann mar thoradh ar an gcur chuige sin: ionaid scagthástála atá cumhachtaithe ag IS sa chúram sláinte a bhailíochtaíonn uirlisí diagnóiseacha trí úsáid a bhaint as an Spás Eorpach Sonraí Sláinte[16]; comhthiomsú iontaofa sonraí sa mhonaraíocht tríd an Spás Sonraí le haghaidh Monaraíochta chun oiliúint a chur ar shamhlacha IS speisialaithe agus ceannródaíocha; agus Ardán IS Agraibhia a thacaíonn le glacadh uirlisí feirmeoireachta IS-chumasaithe trí úsáid a bhaint as an spás coiteann sonraí do shonraí talmhaíochta na hEorpa.

Ó 2026 ar aghaidh, leanfar de spásanna sonraí a chur i bhfeidhm ar fud na n-earnálacha tosaíochta, agus tacófar leis sin trí bhíthin infheistíocht leanúnach an Aontais dar luach thart ar EUR 100 milliún lena gcumasófar úsáid iontaofa agus mhórscála sonraí le haghaidh feidhmeanna IS. Tacóidh an **Spás Eorpach Sonraí Sláinte** le diagnóisic atá bunaithe ar IS agus le leigheas pearsantaithe agus beidh sé ina phríomhnasc idir éiceachórais sonraí sláinte agus forbairt IS, rud a chuirfidh ar a gcumas do Shaotharlanna Sonraí agus do Mhonarchana IS

[16] Cuirfidh sé freisin le Plean Sáraithe Ailse na hEorpa, le Straitéis um Eolaíochtaí Beatha na hEorpa, agus le Plean an Aontais um Shláinte Chardashoithíoch

tacair sonraí anaithnidithe agus shintéiseacha a ghiaráil laistigh de thimpeallachtaí próiseála iontaofa; leis an **Spás Eorpach Sonraí Gluaiseachta** cumasófar na feithiclí nasctha, bonneagar agus lóistíocht le haghaidh iompar níos sábháilte agus níos glaise; éascóidh an Spás Sonraí Fuinnimh seirbhísí fuinnimh cliste agus solúbtha; agus cuirfidh **Spás Sonraí na Meán** borradh faoi thionscail chruthaitheacha trí bhíthin nuálaíocht chultúir arb é is spreagadh di IS. Feidhmeoidh saotharlanna sonraí mar phointí iontrála praiticiúla ar na spásanna sonraí sin, rud a chuideoidh le heagraíochtaí rochtain a fháil ar na sonraí, iad a ullmhú agus iad a úsáid go héifeachtach le haghaidh IS. Laistigh den chreat sin, leathnóidh an **spás sonraí dlíthiúil Eorpach** an rochtain ar shonraí dlíthiúla agus breithiúnacha trí aitheantóirí agus meiteashonraí coiteanna le haghaidh cásdlí agus reachtaíochta, rud a chuirfidh ar a chumas do LegalTech na sonraí sin a úsáid. Sa chomhthéacs sin, fiosrófar an gá atá le comhthiomsú sonraí téarmaí conartha le haghaidh conraitheoireacht uathoibrithe.

Cuirfidh an Coimisiún dlús leis an digitiú comhshaoil trí bhíthin **Spás Sonraí an Chomhaontaithe Ghlais**, rud a chuirfidh ar a chumas do phobal Digital GreenTech réitigh trasearnála a mhéadú trí úsáid a bhaint as comhpháirteanna in-athúsáidte agus tacair sonraí ardcháilíochta. Áirítear ar na gníomhaíochtaí tosaíochta seirbhísí sonraíbhunaithe le haghaidh na Straitéise Eorpaí maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce, digitiú na bpróiseas ceadaithe, treoirthionscadail maidir le hinrianaitheacht teicstíle agus creidmheasanna dúlra, agus ardfhaireachán ar fhoraoisí lena mbainfidh an mheaisínfhoghlaim ar shonraí oscailte agus rúnda.

Le **Spás Eorpach Sonraí Cosanta**, cruthófar timpeallacht iontaofa chun sonraí oibríochtúla, tionsclaíocha agus taighde a chomhthiomsú chun córais chosanta den chéad ghlúin eile a fhorbairt, borradh a chur faoi chumais thionsclaíocha, agus ceannasacht theicneolaíoch an Aontais a neartú tríd an spleáchas ar sholáthraithe tríú tír a laghdú. Agus leas á bhaint as taithí na hÚcráine ar chosaint shonraíbhunaithe, féachfaidh an Coimisiún ar chomhar agus ar mhalartú eolais. Forbrófar an tionscnamh i gcomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear gnólachtaí. [17]

### ii. Saotharlanna sonraí

Mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga, beidh saotharlanna sonraí ina saoráidí speisialaithe, lena nascfar sealbhóirí sonraí, spásanna coiteanna sonraí Eorpacha, éiceachórais sonraí réimse-shonracha, agus éiceachóras IS an Aontais. Soláthróidh saotharlanna sonraí[18] seirbhísí praiticiúla – amhail comhthiomsú sonraí[19],

[17] Beidh staidéar féidearthachta na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint atá le déanamh faoi dheireadh 2025 ina threoir don tionscnamh sin

[18] I gcomhthéacsanna áirithe, úsáidtear an téarma 'coimeádáin sonraí' chun tagairt a dhéanamh do shaoráidí comhchosúla lenar gcumasaítear sonraí a úsáid ar bhealach struchtúrtha, slán agus iontaofa ar fud suíomhanna éagsúla. In éineacht leis an gcoincheap níos leithne maidir le 'coimeádánú sonraí', léiríonn siad cur chuige comhlántach maidir le malartú sonraí a eagrú agus a rialú, lena gcuirtear an idir-inoibritheacht agus an chomhsheasmhacht chun cinn ar fud éiceachóras IS an Aontais.

[19] Sonraí ó fhoinsí éagsúla a chomhcheangal agus a chomhroinnt in aon stór lárnach amháin nó i dtimpeallacht chomhroinnte amháin.

coimeádaíocht[20], lipéadú agus bréagainmniú[21] – chun cuidiú le heagraíochtaí, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, sonraí a chomhroinnt agus a úsáid go sábháilte, oiliúint chomhoibríoch intleachta saorga a éascú agus tacú le forbairt samhlacha intleachta saorga i bpríomhearnálacha agus samhlacha éagsúla rialachais agus ceadúnúcháin a chumhdach. I gcomhréir leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, aistreoidh saotharlanna sonraí infhaighteacht sonraí ardcháilíochta ina imlonnadh nithiúil IS, agus iad ag feidhmiú mar chumasóirí praiticiúla a chuirfidh dlús leis an turgnamhaíocht, leis an nglacadh agus leis an méadú. Is féidir iad a úsáid freisin chun cúraimí a dhéanamh a éilíonn ardacmhainní IS thar ceann Spásanna Sonraí agus bonneagair sonraí eile, mar shampla sonraí sintéiseacha a tháirgeadh, nó ardchaomhnú príobháideachais agus rúndachta gnó a dhéanamh , chun cuidiú le heagraíochtaí sonraí a chomhroinnt agus a úsáid go sábháilte.

Trí acmhainní poiblí agus príobháideacha a chomhthiomsú, cuideoidh saotharlanna sonraí le príomhchliseadh margaidh a shárú: infhaighteacht theoranta sonraí éagsúla ardcháilíochta agus drogall chun sonraí atá i seilbh phríobháideach a chomhroinnt le haghaidh oiliúint IS. Oibreoidh siad trí bhealaí agus creataí rochtana atá ann cheana gan aistriú díreach sonraí a éileamh. Agus an méid sin á dhéanamh, is iad spásanna sonraí na bonneagair iontaofa fós ina ndéantar sonraí a rialú agus a chur ar fáil, agus is féidir le saotharlanna sonraí gníomhú mar an comhéadan oibríochtúil lena gcumasaítear a n-úsáid shábháilte, bhreisluacha le haghaidh IS.

Is ar bhonn deonach a bheidh an rannpháirtíocht, agus cinneann sealbhóirí sonraí conas is féidir sonraí a úsáid, cathain is féidir sonraí a úsáid agus cé a fhéadfaidh sonraí a úsáid. Ní aistreofar aon sonra gan toiliú sainráite. Cosnófar gach gníomhaíocht le coimircí rúndachta dochta agus tacófar leo le teicnící caomhnaithe príobháideachais agus díláraithe amhail an fhoghlaim chónasctha, an criptiú homamorfach, agus an ríomh slán ilpháirtí. Is féidir sonraí a phróiseáil go logánta nó thar nóid gan iad a chumasc in aon stór amháin, rud a áirithíonn go bhfanfaidh siad faoi rialú an tsealbhóra bunaidh. Tacaíonn an tsamhail sin – a théann chun tairbhe do FBManna go háirithe – le comhlíonadh rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí, cosnaíonn sí rúndacht, agus cothaíonn sí iontaoibh agus úsáid sonraí le haghaidh IS á leathnú an tráth céanna.

Tá forbairt tagtha ar acmhainneacht ríomhaireachta an Aontais ó ríomhaireacht ardfheidhmíochta atá dírithe ar an eolaíocht faoi EuroHPC go Monarchana IS, a leathnaíonn an coincheap sin chun tacú le forbairt IS, agus an bonneagar ríomhaireachta á nascadh le rochtain ar shonraí agus le turgnamhaíocht sonraí. Leis na Gigeamhonarchana IS atá ar na bacáin, déanfar saoráidí ríomhaireachta IS a mhéadú a thuilleadh.

Laistigh den chreat sin, bunófar na chéad saotharlanna sonraí faoin tionscnamh um Monarchana IS trí EuroHPC, agus soláthrófar timpeallachtaí slána agus seirbhísí sonraí chun forbróirí IS a nascadh le spásanna coiteanna sonraí Eorpacha i réimsí amhail cúram sláinte,

---

[20] Sonraí a eagrú, a chomhtháthú, a bhailíochtú agus a chothabháil, lena n-áirítear lipéadú na sonraí sin, chun rochtain agus úsáid a fheabhsú.

[21] Airteagal 4(5) de Rialachán (AE) 2016/679: 'Próiseáil a dhéantar ar chaoi nach féidir na sonraí a chur i leith ábhair sonraí ar leith a thuilleadh gan faisnéis bhreise a úsáid, ar choinníoll go gcoimeádtar faisnéis bhreise den sórt sin ar leithligh agus go bhfuil sí faoi réir bearta teicniúla agus eagraíochtúla chun a áirithiú nach gcuirtear na sonraí pearsanta i leith duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta.'

monaraíocht, fuinneamh agus an aeráid, agus leathnófar iad chuig teangacha, cibearshlándáil agus oidhreacht chultúrtha. Chun a áirithiú go sroichfidh a seirbhísí cuideachtaí agus riaracháin phoiblí, oibreoidh saotharlanna sonraí i ndlúthchomhar leis na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha, a ghníomhaíonn mar phointí teagmhála atá dírithe ar an úsáideoir agus a chuidíonn le riachtanais sonraí a mheaitseáil le feidhmeanna nithiúla.

Cuirfear Saotharlanna Sonraí Breise ar bun go neamhspleách i réimsí eile chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha earnála nó taighde, amhail an earnáil fuinnimh. Leis na Gigeamhonarchana IS atá ar na bacáin, déanfar saoráidí ríomhaireachta IS a mhéadú a thuilleadh agus ullmhófar an tsamhail Saotharlainne Sonraí le haghaidh rolladh amach tráchtála ar fud an Aontais, rud a fhágfaidh go mbeidh sí ina héiceachóras seirbhísí féinchothaitheach lena nasctar ríomh, sonraí agus nuálaíocht IS.

Cuirfidh **saotharlanna sonraí** seirbhísí ar fáil go sonrach i naoi bpríomhréimse:

- **An nasc idir spásanna sonraí agus éiceachórais IS:** nasc praiticiúil a chuireann ar a gcumas do chuideachtaí rochtain a fháil ar shonraí idir-inoibritheacha ardcháilíochta trí spásanna coiteanna sonraí Eorpacha a nascadh le forbróirí, bonneagair agus éiceachórais earnála IS.
- **Bonneagar teicniúil agus uirlisí teicniúla:** le coimeádáin sonraí beifear in ann sonraí a stóráil agus a eagrú go héifeachtúil arna gcomhlánú le timpeallachtaí slána chun sonraí íogaire a phróiseáil ar an láthair, mar aon le huirlisí atá réidh le húsáid le haghaidh teicnící ullmhúcháin sonraí agus caomhnaithe príobháideachais chun anaithnidiú agus giniúint sonraí sintéiseacha a bhaint amach. Áiritheofar ardchaighdeán inúsáidteachta, luais agus inscálaitheachta ionas go mbeidh uirlisí simplí, iontaofa agus éasca le glacadh.
- **Comhthiomsú sonraí:** tacaíocht do chuideachtaí chun sonraí ó fhoinsí poiblí agus srianta a chomhiomlánú - go háirithe sonraí a úsáidtear chun críoch nuálach - trí úsáid a bhaint as sásraí iontaofa comhroinnte sonraí na spásanna coiteanna sonraí Eorpacha. Tacóidh Saotharlanna Sonraí le gnólachtaí dlí iomaíochta an Aontais a chomhlíonadh agus sonraí á malartú nó á gcomhthiomsú acu. Ag tógáil ar na Treoirlínte Cothrománacha agus á gcomhlánú, lena gcuirtear treoraíocht phraiticiúil ar fáil do chuideachtaí maidir le comhar agus acmhainní comhroinnte, tacóidh an Coimisiún a thuilleadh le Saotharlanna Sonraí sa ról sin trí bhíthin treoraíocht thiomnaithe maidir le dea-chleachtais i malartú agus i gcomhthiomsú sonraí. Ina theannta sin, beidh treoraíocht shaincheaptha ar fáil do shaotharlanna sonraí aonair tar éis iarraidh a fháil faoin bhFógra Treorach Neamhfhoirmiúil.
- **Seirbhísí bréagainmniúcháin agus anaithnidithe:** arduirlisí agus saineolas a sholáthar chun aitheantóirí pearsanta a bhaint nó a cheilt. Áireofar leis na seirbhísí sin teicnící amhail bréagainmniú, anaithnidiú, agus príobháideachas difreálach, rud a chumasóidh athúsáid shábháilte sonraí agus úsáid anailíseach á coinneáil ar bun an tráth céanna.
- **Giniúint sonraí sintéiseacha:** tacaíocht chun tacair sonraí shintéiseacha ardcháilíochta a chruthú lena ndéantar aithris ar airíonna staidrimh fíorshonraí gan faisnéis íogair ná

rúnda a nochtadh. Soláthróidh saotharlanna sonraí uirlisí agus saineolas chun sonraí sintéiseacha a ghiniúint, a bhailíochtú agus a thagarmharcáil le haghaidh oiliúint agus tástáil samhlacha IS, rud a chomhlánóidh iarrachtaí anaithnidithe agus a fheabhsóidh infhaighteacht sonraí i réimsí íogaire.

- **Coimeádaíocht, lipéadú agus veicteoiriú sonraí:** tacaíocht chuimsitheach maidir le tacair sonraí a ghlanadh, a lipéadú, a anótáil, a shaibhriú agus a veicteoiriú chun go mbeidh siad iontaofa, ionadaíoch agus inúsáidte le haghaidh oiliúint IS. Áirítear leis sin próisis dearbhaithe cáilíochta, doiciméadacht thrédhearcach, agus comhar le pobail saineolaithe maidir le lipéadú réimse-shonrach.
- **Treoraíocht agus oiliúint rialála:** comhairle shaincheaptha chun cuidiú le gnólachtaí dlí an Aontais a chomhlíonadh mar aon le hoiliúint d'fhorbróirí IS maidir le húsáid sonraí agus oibleagáidí dlíthiúla, amhail rialacháin IS, cóipcheart, rúin trádála agus dlí na hiomaíochta, mar aon le hoiliúint d'fhorbróirí IS maidir le húsáid sonraí agus oibleagáidí dlíthiúla.
- **An nasc idir spásanna sonraí agus éiceachórais IS:** nasc praiticiúil a chuireann ar a gcumas do chuideachtaí rochtain a fháil ar shonraí idir-inoibritheacha ardcháilíochta trí spásanna coiteanna sonraí Eorpacha a nascadh le forbróirí, bonneagair agus éiceachórais earnála IS.

**Rochtain ar shonraí a éascú:** seirbhís éileamhbhunaithe inar féidir le gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna a riachtanais sonraí a chur in iúl, agus saotharlanna sonraí ag cuidiú leo tacair sonraí ábhartha a aimsiú agus bacainní margaidh, dlíthiúla

***Conas a d'oibreodh saotharlann sonraí go praiticiúil?***

*Forbraíonn cuideachta i mBallstát X córais cothabhála tuarthaí IS-bhunaithe le haghaidh feithiclí leictreacha ach bíonn sé ag streachailt chun rochtain a fháil ar go leor sonraí braiteoirí ardcháilíochta ó shamhlacha carr agus bonneagair luchtaithe éagsúla. Tá drogall ar mhonaróirí aonair na sonraí sin a roinnt mar gheall ar rúin trádála, príobháideachas agus ábhair imní maidir le hiomaíocht. Soláthróidh Monarchana IS na hacmhainní ríomhaireachta agus, trína saotharlanna sonraí comhtháite, na seirbhísí bainistithe sonraí is gá chun na bacainní sin a shárú.*

*Tríd an tsaotharlann sonraí, bheadh rochtain ag an gcuideachta ar thacair sonraí iontaofa, anaithnidithe agus chomhiomlánaithe a thagann ó fhoinsí éagsúla, amhail oibreoirí luchtaithe poiblí, Monaróirí Buntrealaimh rannpháirteacha agus sonraí eile a aimsítear tríd an spás Eorpach sonraí gluaisteachta.*

*Mar chomhpháirt den Mhonarcha IS, chuirfeadh an tsaotharlann sonraí an méid seo a leanas ar fáil:*

- *Timpeallachtaí slána chun anailís a dhéanamh ar shonraí braiteoirí fíor-ama trí fhoghlaim chónasctha gan na sonraí córais Monaróirí Buntrealaimh a fhágáil.*
- *Seirbhísí anaithnidithe lena n-áirithítear úsáid sonraí tiománaí agus feithicle atá comhlíontach ó thaobh príobháideachais de.*
- *Treoraíocht rialála maidir le forálacha rochtana sonraí an Ghnímh um Shonraí a chur i bhfeidhm agus cosaint rún ceirde a bhainistiú.*
- *Uirlisí coimeádaíochta sonraí lena gcomhchuibhítear formáidí braiteoirí agus caighdeáin cháilíochta éagsúla.*

*Dá bhrí sin, d'fheidhmeodh an tsaotharlann mar nasc idir an spás sonraí gluaisteachta agus an t-éiceachóras IS, rud a chuirfeadh ar a cumas don chuideachta oiliúint a chur ar shamhlacha láidre IS agus rúndacht monaróirí á cosaint an tráth céanna.*

nó riaracháin a shárú.

### iii. Gníomh AE um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga

Is réamhriachtanas iad acmhainneacht lárionaid sonraí inbhuanaithe agus néalseirbhísí agus seirbhísí IS ceannasacha chun go mbainfidh an tAontas amach na cuspóirí a leagtar síos sa straitéis sin. De réir mar a ghintear méideanna méadaitheacha sonraí, tá méadú ag teacht ar an ngá atá leis na sonraí sin a bhailiú, a stóráil, a chomhcheangal agus a phróiseáil. Chun aga folaigh[22] a íoslaghdú agus spleáchas ar bhonneagar atá lonnaithe in áiteanna eile ar domhan a laghdú, ní mór don Aontas acmhainneacht leordhóthanach lárionaid sonraí a bheith aige.

[22] Is éard is aga folaigh ann an t-am a thógann sé ar shonraí dul ó phointe amháin líonra go pointe eile.

Chun a áirithiú go mbeidh bonneagar lárionaid sonraí inbhuanaithe agus néalseirbhísí ceannasacha agus seirbhísí IS ceannasacha ar fáil do ghnólachtaí an Aontais agus do riaracháin phoiblí, molfaidh an Coimisiún **Gníomh AE um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga** in R1 2026. Tacóidh an tionscnamh sin leis an nuálaíocht ar fud shlabhra luacha iomlán na néalríomhaireachta agus IS, idir phróiseálaithe ceannródaíocha a chomhtháthú agus teicneolaíochtaí fuaraithe inbhuanaithe agus crua-earraí agus bogearraí IS. Cuirfidh sé dlús freisin le hacmhainneacht lárionad sonraí inbhuanaithe a rolladh amach, rud a áiritheoidh go mbeidh an bonneagar is gá ag an Aontas le haghaidh néalseirbhísí agus seirbhísí IS atá slán agus ceannasach.

### iv. Sócmhainní sonraí straitéiseacha: acmhainní na hearnála poiblí, acmhainní eolaíocha, cultúir agus teanga

Braitheann iomaíochas an Aontais in IS ar rochtain ar shonraí ardcháilíochta, struchtúrtha agus iontaofa. Is cumasóirí ríthábhachtacha iad tacair sonraí eolaíocha, cultúir agus teanga le haghaidh samhlacha láidre IS, dul chun cinn taighde, agus ceannasacht theicneolaíoch.

Déanfar tacair sonraí tagartha na hearnála poiblí faoin Treoir maidir le Sonraí Oscailte a uas-scálú. Ní mór na tacair sonraí ardluacha[23] a chur ar fáil saor in aisce, trí chomhéadain ríomhchláraithe feidhmchlár, i bhformáid mheaisín-inléite agus, i gcás inarb ábhartha, iad a chur ar fáil mar oll-íoslódáil. In 2026, molfaidh an Coimisiún an liosta tacar sonraí ardluacha a leathnú chun sonraí dlíthiúla, breithiúnacha, riaracháin agus sonraí eile a chumhdach. Rachaidh sé sin chun tairbhe do ghnólachtaí nuathionscanta agus do FBManna. Déanfaidh an Coimisiún faireachán freisin i dtaobh ar cheart tacair sonraí bhreise a chur leis.

Tá sé cruthaithe cheana féin go bhfuil na sonraí eolaíocha claochlaitheach, mar a fheictear le AlphaFold[24]. Le bunachair sonraí dhea-struchtúrtha, laghdaítear costais taighde agus forbartha (T&F), cuirtear dlús leis an nuálaíocht, agus faightear tuiscintí nua maidir le hábhair, cógaisíocht, fuinneamh agus bith-theicneolaíocht. Chun cur leis sin, leanfaidh an Coimisiún de bhunachair sonraí atá ann cheana a mhapáil, de thosaíochtaí a leagan síos le saineolaithe, de chearta úsáide a dhaingniú, agus de bhonneagair dhigiteacha nua a mhaoiniú de réir na straitéise Eorpaí um bonneagair thaighde agus theicneolaíochta. I ndáil leis an méid sin, tá an **Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte**, an spás coiteann sonraí Eorpach do T&F, ag forbairt cónascadh stórtha sonraí lena mbaineann ardán iontaofa chun sonraí taighde, uirlisí agus seirbhísí ardcháilíochta, so-aimsithe, inrochtana, idir-inoibritheacha agus in-athúsáidte a chomhroinnt agus a athúsáid ar fud disciplíní agus thar theorainneacha san Eoraip. Tacóidh sé sin leis na gníomhaíochtaí eolaíocha a bhaineann le IS sa Chomhairle Eorpach um Thaighde ar

[23] I gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le Sonraí Oscailte, tagann na tacair sonraí ardluacha sin ó na catagóirí seo a leanas: geospásúil, faire na cruinne agus an comhshaol; meitéareolaíoch; staidreamh, cuideachtaí agus úinéireacht cuideachtaí, soghluaisteacht. Is féidir catagóirí nua a chur leis.

[24] Is córas Intleachta Saorga é AlphaFold a d'fhorbair Deep Mind, a úsáideann an domhainfhoghlaim agus méideanna móra sonraí chun struchtúir phróitéine a thuar. Cuidíonn sé sin le dlús a chur le taighde ceannródaíoch in go leor réimsí den bhitheolaíocht.

an Intleacht Shaorga[25]. An tráth céanna, trí bhíthin an togra atá ar na bacáin le haghaidh an Ghnímh um an Limistéar Eorpach Taighde[26], neartófar coinníollacha dlíthiúla chun torthaí taighde, foilseacháin agus sonraí a mhaoinítear go poiblí a chomhroinnt, a rochtain agus a athúsáid chun críoch eolaíoch.

Déanfar acmhainní cultúir agus teanga an Aontais a mhéadú freisin. Cuirfear breis agus 30 milliún saothar digitithe ó institiúidí cultúrtha na hEorpa ar fáil d'fhorbairt IS, ag tógáil ar thionscnamh Europeana[27]. Fiosróidh an Coimisiún conas comhar a neartú agus ceadúnú a spreagadh idir craoltóirí poiblí agus soláthraithe IS, chun a gcartlanna closamhairc a dhéanamh inrochtana le haghaidh oiliúint IS, agus luach saothair sealbhóirí cirt á chur san áireamh.

Déanfaidh treoirthionscadail faoin **spás coiteann sonraí teanga Eorpach agus faoin tionscnamh um Chuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach** tacair sonraí a bhaineann go sonrach le réimse ar leith a shluafhoinsiú, lena n-áirítear ó theangacha níos lú, rud a chuirfidh leis na 477 mbilliún ceadchomhartha atá ar fáil cheana féin - atá inchomparáide le príomhthacair sonraí oiliúna IS. Cuideoidh sé sin freisin lena áirithiú go n-áireofar teangacha neamhchoitianta i bhforbairt samhlacha teanga IS móra, rud a mbeidh tionchar aige ar cháilíocht thorthaí na gcóras IS sna teangacha sin.

### v. Cumasóirí cothrománacha: sonraí sintéiseacha, comhthiomsú sonraí, agus caighdeáin

Chomh maith le tionscnaimh shuaitheanta, tá bearta cothrománacha de dhíth ar an Aontas freisin a bhaineann le hearnálacha éagsúla agus a thugann scála don gheilleagar sonraí ina iomláine.

*Sonraí sintéiseacha mar spreagadh do cheannaireacht IS*

Is féidir le sonraí sintéiseacha[28] oiliúint IS a chumasú i réimsí ina bhfuil sonraí gann nó íogair, idir thaighde ar ghalair neamhchoitianta agus róbataic nó cásanna imill tiomána uathrialaithí. Cumasaíonn sé forbairt samhlacha IS gan faisnéis phearsanta nó dhílsithe a nochtadh, rud a neartaíonn idir an t-iomaíochas agus an nuálaíocht lena gcaomhnaítear an príobháideachas araon.

Chun leas a bhaint as an acmhainneacht sin, forbróidh an Coimisiún treoraíocht agus caighdeáin maidir le húsáid iontaofa sonraí sintéiseacha, scrúdóidh sé na ceisteanna dlíthiúla gaolmhara, rachaidh sé i gcomhairle maidir le scéim dheonach Eorpach um dheimhniú, agus fiosróidh sé an bhféadfaí 'monarcha sonraí sintéiseacha' a chur ar bun chun rochtain ar

---

[25] An Coimisiún Eorpach (2025). Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle – Straitéis Eorpach um an Intleacht Shaorga san Eolaíocht: An bealach a réiteach don Acmhainn d'Eolaíocht na hIntleachta Saorga san Eoraip. An Bhruiséil, an 8 Deireadh Fómhair 2025, COM(2025) 724 final

[26] An Coimisiún Eorpach, Togra atá le teacht le haghaidh Gníomh um an Limistéar Eorpach Taighde, a fógraíodh i gClár Oibre an Choimisiúin 2025, an Bhruiséil, an 11 Feabhra 2025, le fáil ag: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/strategy-documents/commission-work-programme/commission-work-programme-2025

[27] Europeana, *Ardán digiteach na hEorpa le haghaidh oidhreacht chultúrtha*, ar fáil ag: https://www.europeana.eu/ga (arna rochtain an 27 Deireadh Fómhair 2025)

[28] Féach an sainmhíniú thuas

ríomhaireacht ardfheidhmíochta a chur ar fáil chun tacair sonraí mhórscála a ghiniúint. Maoineoidh Fís Eorpach T&F ceannródaíoch freisin i dteicnící ginte sonraí sintéiseacha.

*An bealach a réiteach do chomhthiomsú straitéiseach sonraí*

Tá go leor cuideachtaí, mar shampla i réimse na sláinte, na soghluaisteachta, an fhuinnimh, na talmhaíochta agus na monaraíochta, gan na tacair sonraí mhóra éagsúla is gá chun oiliúint a chur ar ardsamhlacha IS. D'fhéadfadh comhthiomsú sonraí a bhaineann le céimeanna luatha de thimthriall táirgeachta táirgí agus seirbhísí tairbhí comhroinnte a chur ar fáil, ach cuireann éiginnteacht dhlíthiúil agus an eagla go sárófar dlí na hiomaíochta bac ar chomhar.

Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag gníomhú chun soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar do chuideachtaí, i gcomhréir leis an nglao chun torthaí a dhéanamh de rialacha sa tuarascáil ó Mario Draghi maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa. Mínítear cheana féin i dTreoirlínte Cothrománacha 2023 maidir le comhaontuithe comhair idir iomaitheoirí an cás ina bhfuil comhthiomsú sonraí comhoiriúnach le dlí iomaíochta an Aontais, agus tugtar samplaí agus coimircí praiticiúla.

***Tuarascáil maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa:*** *'Go háirithe, chun an easpa tacar mór sonraí atá ag an Aontas a shárú, ba cheart sonraí a thugann cuideachtaí iomadúla de chuid an Aontais faoi shaoirse laistigh d'earnáil áirithe a úsáid chun oiliúint samhla a chothú. Ba cheart tacú leis laistigh de chreataí foinse oscailte, agus ba cheart*

Chun comhar sonraí dleathach agus éifeachtach a éascú a thuilleadh trí Shaotharlanna Sonraí, eiseoidh an Coimisiún treoraíocht thiomnaithe maidir le dea-chleachtais i malartú agus i gcomhthiomsú sonraí.

Ina theannta sin, is féidir leis an gCoimisiún treoraíocht maidir le dlí na hiomaíochta a chur ar fáil arna iarraidh sin faoin bhFógra Treoraíochta Neamhfhoirmiúla le haghaidh tionscadail agus tionscnaimh ilnáisiúnta shonracha a bhaineann le sonraí lena gcothaítear nuálaíocht trasteorann, athléimneacht thionsclaíoch agus forbairt IS. Trí rogha iontaofa atá slán ó thaobh an dlí de a dhéanamh den chomhthiomsú sonraí, is féidir leis an Aontas leas a bhaint as éifeachtúlachtaí agus dlús a chur le fionnachtana i bpríomhearnálacha.

*An caighdeán a ardú maidir le cáilíocht sonraí agus gabháil sonraí*

Gan caighdeáin iontaofa, tá baol ann go mbeidh ilroinnt agus glacadh íseal ann fiú i gcás na n-iarrachtaí is uaillmhianaí maidir le comhroinnt sonraí. Leagtar síos cheana féin sa chreat

Eorpach iontaofa sonraí[29] rialacha maidir le comhroinnt, meiteashonraí agus rialachas, ach tá gá le tuilleadh oibre chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn.

Seolfaidh an Coimisiún iarraidh ar chaighdeánú le haghaidh **caighdeán Eorpach cáilíochta sonraí** lena gcumhdófar iomláine, comhsheasmhacht, bunáitíocht, soiléireacht shéimeantach, agus rialachas, rud a thabharfaidh tagarmharcanna comhroinnte do ghnólachtaí, do rialtóirí agus do thaighdeoirí le haghaidh tacair sonraí iontaofa. Comhlánóidh an obair sin na hiarrachtaí caighdeánaithe leanúnacha maidir le cáilíocht agus doiciméadacht sonraí faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga, lena n-áiritheofar comhleanúnachas idir ceanglais bainistithe sonraí agus ceanglais forbartha IS.

Beidh sé d'aidhm ag tionscnamh tiomnaithe **cleachtais anótála agus lipéadaithe** a chaighdeánú, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca sonraí a aimsiú, a chomhcheangal agus a athúsáid agus iontaoibh as a thionscnamh agus as a choinníollacha úsáide á háirithiú an tráth céanna, rud atá ríthábhachtach chun oiliúint IS agus athúsáid trasearnála a mhéadú. Le ceardlann ilpháirtithe leasmhara, déanfar imscrúdú freisin ar chaighdeáin maidir le gabháil sonraí ó tháirgí nasctha, ó bhraiteoirí agus ó cheamaraí - lena n-áirítear sampláil, meiteashonraí, stampáil ama, calabrú agus sláine - lena dtabharfar aghaidh ar phríomhbhacainn ar chomhthiomsú agus athúsáid éifeachtach sonraí.

***<u>Gníomhaíochtaí suaitheanta</u>***

- Na chéad **saotharlanna sonraí** a sheoladh chun infhaighteacht sonraí a mhéadú agus nasc a dhéanamh le héiceachórais IS (R4 2025). Cuirfidh siad seirbhísí iontaofa bréagainmniúcháin ar fáil freisin.
- **Tionscnamh maidir le sonraí ardcháilíochta le haghaidh IS a sheoladh:** tacair sonraí ardluacha a leathnú faoin Treoir maidir le Sonraí Oscailte (R4 2026); fóram páirtithe leasmhara a bhunú le craoltóirí poiblí agus forbróirí IS (R2 2026); 30 milliún réad cultúrtha digitithe a chur ar fáil le haghaidh oiliúint IS (R4 2026); agus tionscnamh sluafhoinsiúcháin a sheoladh le haghaidh sonraí réimse-shonracha agus sonraí teanga i dteangacha Eorpacha níos lú (R2 2026).

### Colún II: Rialacha sonraí a chuíchóiriú

Ní mór creat sonraí an Aontais a bheith soiléir, praiticiúil agus fabhrach don nuálaíocht i gcónaí. Chun ualaí a laghdú agus borradh a chur faoin iomaíochas, tá togra reachtach á chur i láthair ag an gCoimisiún, ar a dtugtar an **Omnibus Digiteach**, arb é is aidhm dó, i measc nithe eile, *acquis* cothrománach sonraí an Aontais a nuachóiriú agus a chomhdhlúthú. Ina theannta sin, fógróidh an Coimisiún freisin obair ar chomhlíonadh le haon chlic amháin chun tuairisciú rialála uathoibrithe a chumasú, agus pacáiste tacaíochta don Ghníomh um Shonraí, lena n-áirítear samhailchonarthaí, clásail chaighdeánacha, treoraíocht maidir le cúiteamh agus rúin trádála, agus deasc chabhrach dhlíthiúil do FBManna.

[29] Féach freisin an Coimisiún Eorpach, Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2025) 4135 maidir leis an gCreat Eorpach um Shonraí Iontaofa

## i. *Acquis* sonraí an Aontais a shimpliú

Tá fás tapa tagtha ar chreat rialála sonraí an Aontais, rud a chruthaíonn cearta nua ach a mhéadaíonn castacht agus ilroinnt freisin. Tá gá le simpliú chun costais chomhlíontachta a laghdú, chun rialacha a dhéanamh níos éasca lena chur i bhfeidhm, agus chun tacaíocht níos fearr a thabhairt don nuálaíocht.

Chuige sin, tá an Omnibus Digiteach thuasluaite á chur i láthair ag an gCoimisiún. Tabharfaidh sé an *acquis* cothrom le dáta, cuirfidh sé deireadh le hualaí nach bhfuil gá leo agus cosnóidh sé croíphrionsabail gheilleagar sonraí an Aontais an tráth céanna. Díreofar leis an Omnibus ar na hathchóirithe tosaíochta seo a leanas:

- **Rialacha atá as dáta a scriosadh.** Aisghairfear leis an Omnibus an Rialachán maidir le Saorshreabhadh Sonraí Neamhphearsanta,[30] ós rud é go gcumhdaítear a fheidhmeanna cheana féin leis an nGníomh um Shonraí, agus prionsabal na saorghluaiseachta sonraí neamhphearsanta agus an toirmeasc ar logánú gan údar á gcaomhnú go sainráite an tráth céanna.
- **Rialacha comhroinnte sonraí a chuíchóiriú.** Leis an Omnibus, aisghairfear an Gníomh um Rialachas Sonraí agus aistreofar a fhorálacha fíor-riachtanacha isteach sa Ghníomh um Shonraí. Beidh na hoibleagáidí ar idirghabhálaithe sonraí níos soiléire, níos éadroime agus deonach chun samhlacha inmharthana agus glacadh níos leithne a chumasú.
- **Comhroinnt sonraí san earnáil phoiblí a chomhdhlúthú.** Déanfar rialacha atá roinnte anois idir an Gníomh um Rialachas Sonraí agus an Treoir maidir le Sonraí Oscailte a choinneáil agus a chumasc in aon chaibidil amháin den Ghníomh um Shonraí. Simplíonn sé sin oibleagáidí agus caomhnaítear an oscailteacht, an trédhearcacht agus an rochtain chothrom an tráth céanna. Thairis sin, rachaidh an creat nua i ngleic a thuilleadh le míchothromaíochtaí cumhachta i gcomhroinnt sonraí, rud a áiritheoidh dálaí cothroma agus tairbhí nithiúla do FBManna. Tarraingeoidh saotharlanna sonraí aird ar thacair sonraí nua san earnáil phoiblí a bhfuil gealladh fúthu nach bhfuil cumhdaithe go fóill.

> ***Rannpháirtí i gcomhairliúchán poiblí an Aontais Sonraí:*** *'ní mór rialacha r-Phríobháideachais a thabhairt cothrom le dáta go práinneach. Ceapadh na rialacha atá i bhfeidhm i bhfianaise cúlra teicneolaíochta atá go hiomlán éagsúil agus níl siad i gcomhréir le riachtanais an mhargaidh atá ann*

- **Rialacha maidir le fianáin agus teicneolaíochtaí comhchosúla a nuachóiriú.** Leis an Omnibus, athchóireofar na rialacha maidir le fianáin atá sa Treoir maidir le r-phríobháideachas faoi láthair agus tabharfar isteach i gcreat RGCS iad. Molfar réitigh phraiticiúla: ba cheart a mheas go bhfuil fianáin agus teicneolaíochtaí comhchosúla dleathach chun críoch áirithe ísealriosca, agus chun críoch eile, ba cheart do na

[30] Rialachán (AE) 2018/1807 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le creat le haghaidh saorshreabhadh sonraí neamhphearsanta san Aontas Eorpach

hoibreoirí brath ar cheann de na bunúis dlí faoi RGCS. Simpleofar meirgí freisin le roghanna aon chlic amháin. Cuirfidh sé d'oibleagáid ar shuíomhanna gréasáin roghanna úsáideoirí a urramú, trína mbrabhsálaithe freisin. Lasmuigh den Omnibus Digiteach, athchóireofar an creat r-Phríobháideachais chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na rialacha atá ann faoi láthair riachtanais an lae inniu agus go mbeifear in ann daoine agus gnólachtaí a chosaint go héifeachtach, gan cearta bunúsacha a chur i mbaol agus caomhnófar an iriseoireacht neamhspleách. Déanfar na forálacha ábhartha a chomhtháthú in ionstraimí dlí eile, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann an Treoir a tharraingt siar ar deireadh.

- **Creat príobháideachais atá fabhrach don nuálaíocht a fhorbairt.** Le leasuithe spriocdhírithe RGCS, soiléireofar, go háirithe, coincheap na sonraí pearsanta, comhchuibheofar ar leibhéal an Aontais cathain ba cheart measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh, simpleofar fógraí maidir le sáruithe sonraí d'údaráis mhaoirseachta, cuíchóireofar fógraí maidir le sáruithe trí phointe iontrála aonair de chuid an Aontais, simpleofar oibleagáidí faisnéise i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann a mheas go bhfuil an fhaisnéis ag daoine aonair cheana féin agus go bhfuil an riosca don ábhar sonraí íseal; soiléireofar gur féidir leas dlisteanach a bheith ina bhunús dlí chun oiliúint a chur ar IS, lena n-áirítear catagóirí speisialta sonraí a phróiseáil go teagmhasach; soiléireofar na forálacha maidir le cinnteoireacht aonair uathoibrithe.

  Baineann príomhathrú amháin le sonraí le haghaidh IS a shaoradh trí anaithnidiú iontaofa. Sa lá atá inniu ann, is príomhábhar imní í an éiginnteacht maidir le hanaithnidiú leordhóthanach sonraí pearsanta, rud a dhíspreagann comhroinnt sonraí go minic. Bíonn deacrachtaí ag gnólachtaí go háirithe a chinneadh nuair nach sonraí pearsanta atá i gceist a thuilleadh le sonraí bréagainmnithe le haghaidh eintitis áirithe. Fágann an éiginnteacht sin go mbíonn comhroinnt sonraí níos casta i gcás ina gcomhlíontar ceanglais RGCS mar réamhchúram. Tacóidh an Coimisiún le gnólachtaí trí na modhanna agus na critéir a shonrú chun a chinneadh an sonraí pearsanta iad sonraí a eascraíonn as bréagainmniú i gcás eintitis áirithe.

  Áireofar leis sin measúnú ar úrscothacht na dteicnící atá ar fáil agus critéir a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le hath-shainaithint. Cé go bhfuil gnólachtaí fós freagrach go hiomlán as comhlíonadh RGCS, is féidir leo cur chun feidhme na modhanna agus na gcritéar sin a úsáid chun a léiriú nach féidir ath-shainaithint a bheith mar thoradh ar shonraí. Leis na leasuithe, éascófar oiliúint samhlacha IS freisin, leis na coimircí iomchuí. Is é is aidhm do na hathruithe sin soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar d'fhorbairt IS, lena n-áirítear cásanna de phróiseáil theagmhasach sonraí íogaire i gcás ina bhfuil fíor-iarrachtaí déanta ag forbróirí na sonraí sin a bhaint, agus cearta daoine aonair agus iomaíochas gnólachtaí á gcosaint an tráth céanna.

- **An Gníomh um Shonraí a bheachtú le haghaidh cur chun feidhme praiticiúil.** Ní athrófar gnéithe fíor-riachtanacha an **Ghnímh um Shonraí**. An tráth céanna, beidh comhroinnt sonraí gnólacht le rialtas teoranta d'éigeandálaí, rud a laghdóidh ualaí agus

a chosnóidh an fhreagairt ar ghéarchéimeanna an tráth céanna. Le coigeartuithe breise spriocdhírithe, cuirfear cosc ar 'sceitheadh' sonraí lasmuigh den Aontas, tabharfar isteach córais shaincheaptha le haghaidh néalseirbhísí saincheaptha agus cuirfear deireadh leis na forálacha maidir le conarthaí cliste.

- **Ualaí a laghdú ar chuideachtaí atá ag méadú.** Leathnóidh catagóir nua cuideachtaí meánchaipitlithe beaga (250–749 bhfostaí) forálacha de chineál FBM faoin nGníomh um Shonraí, faoin Treoir maidir le Sonraí Oscailte, agus faoi rialacha comhtháite an Ghnímh um Rialachas Sonraí.

### ii. Creat sonraí a thógáil a sheasfaidh an aimsir

Mar chuid den tSeiceáil Oiriúnachta Digití, leanfaidh an Coimisiún d'athbhreithniú a dhéanamh ar *acquis* sonraí an Aontais chun é a choinneáil comhleanúnach, comhréireach agus fabhrach don nuálaíocht. Agus aird ar leith á tabhairt ar FBManna, sainaithneofar forluí, bearnaí agus idirghníomhaíochtaí doiléire, lena n-áirítear le dlíthe sonraí earnála, chun creat trasearnála níos intuartha a chruthú.

Ina theannta sin, nuachóireoimid an reachtaíocht dhigiteach agus an chosaint sonraí[31]. D'fhéadfadh coigeartuithe spriocdhírithe comhlíonadh a éascú agus forfheidhmiú a neartú, rud a thacóidh tacú le nuálaíochtaí láidre iontaofa a fhorbairt.

Is ábhar imní atá ag dul i méid í an bhróicéireacht sonraí, agus déanann cuideachtaí áirithe sonraí pearsanta a bhailiú, a chomhiomlánú agus a thrádáil gan feasacht, toiliú fóinteach ná rialú daoine aonair. Baineann cleachtais dhoiléire den sórt sin an bonn de chroíphrionsabail an dlí maidir le cosaint sonraí, den phríobháideachas agus déanann siad iomaíocht a shaobhadh agus iontaoibh an phobail as margaí digiteacha a chreimeadh. Tá gá le forfheidhmiú neartaithe ar na rialacha atá ann cheana. Déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an bhfuil gá le coimircí breise chun srian a chur leis na cleachtais sin, chun trédhearcacht i dtrádáil sonraí a fheabhsú, agus chun a áirithiú gur féidir le daoine aonair agus gnólachtaí iontaoibh a bheith acu as an gcaoi a bhfaightear rochtain ar shonraí agus an chaoi a ndéantar sonraí a mhalartú ar fud an Aontais.

### iii. Comhlíonadh le haon chlic amháin

Sa lá atá inniu ann, caitheann cuideachtaí cuid mhór ama agus airgid ar chomhlíonadh. Fiú sonraí atá i bhfoirm dhigiteach cheana féin, is minic nach mór iad a athfhormáidiú agus a chur faoi bhráid údaráis iomadúla arís, áit a ndéantar iad a sheiceáil de láimh. Cruthaíonn an dúbailt sin maoirseacht ilroinnte agus atreoraíonn sé acmhainní ón nuálaíocht.

Chomh maith le rialacha a shimpliú, tá infheistíocht á déanamh ag an Aontas i dteicneolaíochtaí chun comhlíonadh a uathoibriú. Tríd an gclár Fís Eorpach agus tríd an gClár don Eoraip Dhigiteach, tacaíonn sé le samhlacha coiteanna sonraí, creataí idir-inoibritheachta, agus anailís uathoibrithe. Léirítear le treoirthionscadail cheana féin conas is féidir le seiceálacha

[31] Clár oibre an Choimisiúin EUR-Lex - 52025DC0870 - GA - EUR-Lex.

comhlíontachta uathoibrithe fíor-ama oibriú go praiticiúil. Is sampla luath é an Pas Táirge Digiteach den chur chuige sin sa reachtaíocht maidir le táirgí.

Ag tógáil ar an taithí sin, trí bhíthin 'comhlíonadh le haon chlic amháin' d'fhéadfaí ceanglais rialála a fhíorú le meaisín, rud a d'fhágfadh go ndéanfaí deimhnithe comhlíontachta digiteacha caighdeánaithe de shonraí cuideachta - amhail a chumasaíonn an pas táirge digiteach comhlíontacht uathoibríoch táirgí.

D'fhéadfadh comhlíonadh le haon chlic amháin a bheith an-luachmhar i réimsí amhail an chibearshlándáil, ina bhfuil ceanglais ar chuideachtaí faoin Dara Treoir NIS[32], faoin nGníomh um Chibear-Athléimneacht[33], agus faoi chreataí eile.

Beidh an Rialachán maidir le **Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa** ina phríomhchumasóir don chur chuige sin. Cuirfidh sé timpeallacht dhigiteach iontaofa agus idir-inoibritheach ar fáil chun dintiúir infhíoraithe a stóráil, a bhainistiú agus a chomhroinnt, lena n-áirítear deimhnithe comhlíontachta. D'fhéadfadh cuideachtaí **tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa** a úsáid chun iad féin a shainaithint go digiteach, úsáideoirí an éiceachórais a shainaithint agus a bhailíochtú agus comhréireacht le rialacha iomadúla an Aontais a léiriú trí dheimhnithe comhlíontachta a chur isteach, agus soláthraítear rochtain shlán láithreach ar fhaisnéis bhailíochtaithe do rialtóirí comhlachtaí earnála poiblí. Le himeacht ama, beidh **tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa** ina bonneagar coiteann a thacóidh le próisis riaracháin amhail ceadúnú, soláthar poiblí, agus rochtain ar chistiú, rud a chumasóidh idirghníomhaíochtaí digiteacha rianúla idir gnólachtaí agus údaráis ar fud an Mhargaidh Aonair.

Beidh sé fíor-riachtanach a chinneadh cé atá cuntasach i gcás earráidí, mí-úsáide nó teipeanna córais - bíodh an chuideachta, an deimhnitheoir nó an rialtóir i gceist - chun iontaoibh agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú. Dá bhrí sin, fiosróidh an Coimisiún na saincheisteanna sin i gcomhairliúchán poiblí atá ar na bacáin, ina ndéanfar measúnú ar na deiseanna agus ar na coimircí is gá chun éiceachóras comhlíontachta uathoibrithe atá iontaofa agus cuntasach a thógáil.

Chomh maith le costais a laghdú do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe, thabharfadh córas den sórt sin léargas do lucht ceaptha beartas freisin ar an gcaoi a n-oibríonn rialacha go praiticiúil, rud a neartódh rialáil fhianaisebhunaithe. D'fhéadfadh comhlíonadh le haon chlic amháin a bheith ina bhunchloch de chlár oibre an Aontais maidir le simpliú digiteach, agus an t-iomaíochas á ailíniú le hiontaoibh agus le cuntasacht.

### iv. Cuidiú le gnólachtaí an Gníomh um Shonraí a chomhlíonadh

---

[32] Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS) IO L 333, 27.12.2022, lgh. 80–152

[33] Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013 agus (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht) IO L [2847], 20 Samhain 2024

Is é atá sa **Ghníomh um Shonraí** an príomhthacar rialacha maidir le sonraí a úsáid agus a chomhroinnt. Chun a áirithiú gur féidir le cuideachtaí, go háirithe FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, leas iomlán a bhaint as a acmhainneacht agus díriú ar an nuálaíocht seachas ar an rómhaorlathas, tá doiciméad maidir le ceisteanna coitianta[34] agus treoraíocht maidir le sonraí infheithicle[35] eisithe cheana féin ag an gCoimisiún, agus comhlánóidh sé iad sin a thuilleadh le pacáiste níos leithne de bhearta tacaíochta.

Áirítear an méid seo a leanas i measc na mbeart a dhéanfar láithreach:

- téarmaí conarthacha eiseamláireacha maidir le comhroinnt sonraí chun castacht dhlíthiúil a laghdú, costais idirbhirt a laghdú, agus muinín a thabhairt do ghnólachtaí agus iad ag dul i mbun comhpháirtíochtaí nua;
- clásail chonarthacha chaighdeánacha le haghaidh néalseirbhísí chun an t-aistriú a dhéanamh níos éasca agus conarthaí a dhéanamh níos cothroime, rud a thacóidh leis an iomaíocht agus leis an nuálaíocht i margadh néalríomhaireachta na hEorpa.

Áireofar leis na bearta breise, a bheidh le tabhairt isteach de réir a chéile, an méid seo a leanas:

- Treoirlínte maidir le cúiteamh réasúnta chun a shoiléiriú cad is féidir a ghearradh as comhroinnt sonraí, lena soláthraítear deimhneacht dhlíthiúil do shealbhóirí sonraí agus d’fhaighteoirí sonraí araon (R1 2026);
- Treoraíocht nua maidir le sainmhínithe roghnaithe sa Ghníomh um Shonraí (R1 2026);
- Deasc chabhrach dlí an Ghnímh um Shonraí chun cúnamh díreach a sholáthar do chuideachtaí ag a bhfuil ceisteanna nithiúla maidir le conas na rialacha nua a chur i bhfeidhm, agus tosaíocht á tabhairt do FBManna chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar a gceisteanna go tapa agus le haird thiomnaithe (R4 2025).

I dteannta a chéile, fágfaidh na bearta sin go mbeidh sé níos éasca déileáil an Gníomh um Shonraí, go laghdófar costais neamhriachtanacha, agus go dtabharfar an tsoiléireacht agus an mhuinín do chuideachtaí a theastaíonn uathu chun deiseanna nua a thapú i ngeilleagar sonraí an Aontais. Déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar ghlacadh na n-uirlisí conarthacha, go háirithe na téarmaí conarthacha eiseamláireacha agus na clásail chonarthacha chaighdeánacha, agus déanfaidh sé iad a athbhreithniú, a chomhlánú nó a oiriúnú de réir mar is gá i gcomhréir le forbairtí idirnáisiúnta i gcomhroinnt sonraí.

Lorgóidh an Coimisiún sineirgí idir pobal na gceannaitheoirí poiblí agus na Spásanna Sonraí Eorpacha chun éifeachtúlacht na hearnála poiblí a fheabhsú, agus bainfear leas as an

[34] An Coimisiún Eorpach, Ceisteanna Coitianta – An Gníomh um Shonraí, leagan 1.3, an Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2025, le fáil ag: https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/library/commission-publishes-frequently-asked-questions-about-data-act (arna rochtain an 27 Deireadh Fómhair 2025)

[35] An Coimisiún Eorpach, Treoraíocht maidir le sonraí feithicle, a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí), C(2025) 6119 final, an Bhruiséil, an 12 Meán Fómhair 2025

treoirphlean a bunaíodh idir an Spás Eorpach Sonraí Sláinte agus Meitheal na gCeannaitheoirí Móra maidir le hÉifeachtúlacht Cúraim Sláinte.[36]

***<u>Gníomhaíochtaí suaitheanta</u>***

- Togra chun **reachtaíocht sonraí a chomhdhlúthú** (R4 2025)
- Togra chun **nuashonrú a dhéanamh ar rialacha r-Phríobháideachais** maidir le fianáin agus teicneolaíochtaí comhchosúla (R4 2025)
- Togra le haghaidh **coigeartuithe spriocdhírithe RGCS** (R4 2025)
- **Tionscnamh maidir le comhlíontacht le haon chlic amháin** a sheoladh (ó R4 2025 ar aghaidh)
- Bearta tacaíochta a chur i bhfeidhm chun an Gníomh um Shonraí a chur chun feidhme (ó R4 2025 ar aghaidh)

**Colún III: Ceannasacht sonraí an Aontais a chosaint trí bheartas straitéiseach idirnáisiúnta sonraí**

Tá ceannasacht sonraí i gcroílár thodhchaí dhigiteach an Aontais. Ciallaíonn sé sin nach mór don Aontas smacht a choinneáil ar an gcaoi a bhfaightear rochtain ar shonraí agus ar an gcaoi a n-úsáidtear agus a gcosnaítear sonraí – laistigh dá chríoch agus thar lear araon. Éilíonn ceannasacht oscailteacht do chomhpháirtithe iontaofa, lena n-áirítear malartú sonraí thar theorainneacha, ach ar théarmaí atá cothrom, slán agus comhsheasmhach le luachanna agus leasanna an Aontais. Ní féidir leanúint de chás ina bhfuil rochtain gan bhac ag gníomhaithe eachtracha ar mhargadh an Aontais agus ina bhfuil bacainní gan údar roimh chuideachtaí Eorpacha thar lear.

Chun an cheannasacht a chosaint, ní mór athléimneacht an Aontais a chosaint freisin. Cuireann cibirionsaithe, sceitheadh teicneolaíochta, faireachas agus spleáchais chomhéigneacha sonraí criticiúla i mbaol. Ní mór don Aontas infhaighteacht, sláine agus slándáil tacar sonraí íogair a áirithiú, rud a chuirfidh cosc ar mhí-úsáid nó ar shaothrú na dtacar sin, go háirithe ag gníomhaithe lasmuigh den Aontas.

*I bpobalbhreith páirtithe leasmhara, thacaigh 75 % de na rannpháirtithe le cur chuige níos teanntásaí ón Aontas maidir le sreafaí sonraí neamhphearsanta idirnáisiúnta.*

Chuige sin, saothróidh an Coimisiún straitéis lena gcomhcheanglófar an oscailteacht agus an neart: colún den trádáil dhigiteach a dhéanamh de choinníollacha cothroma le haghaidh rochtain ar shonraí agus aistriú trasteorann, sonraí neamhphearsanta íogaire de chuid an Aontais a chosaint trí choimircí soiléire, agus comhar le comhpháirtithe iontaofa a dhoimhniú. Oibreoidh sé freisin chun samhlacha rialachais dhomhanda a mhúnlú lena léireofar leasanna agus luachanna an Aontais agus lena gcoiscfear ilroinnt i réimsí iomaíocha. Comhlánóidh an straitéis sin cur chuige fadtéarmach an

[36] [Can the European Health Data Space enable better procurement? – Big Buyers are investigating | Public Buyers Community]

Aontais maidir le sreafaí sábháilte sonraí pearsanta a forbraíodh trí *acquis* an Aontais maidir le cosaint sonraí.

Cé go bhfuil creat dlíthiúil láidir forbartha ag an Aontas agus go bhfuil 'saorshreabhadh iontaofa sonraí' curtha chun cinn aige go hidirnáisiúnta, tá an baol ann go mbainfí an bonn den cheannasacht le ceanglais nua logánaithe sonraí nach bhfuil údar leo, rialuithe onnmhairiúcháin, agus rialacha idirdhealaitheacha thar lear. Dá bhrí sin, gníomhóidh an Coimisiún ar bhealach níos teanntásaí chun leasanna an Aontais agus neamhspleáchas rialála a chosaint, le bearta comhréireacha i gcas ina mbaintear mí-úsáid as oscailteacht nó ina n-úsáidtear leochaileachtaí mar arm.

**i. Sreafaí sonraí trasteorann cothroma agus coimircí le haghaidh sonraí neamhphearsanta íogaire de chuid an Aontais**

Déanfaidh an Coimisiún coinníollacha cothroma agus rialú éifeachtach ar shreafaí sonraí trasteorann a leabú sa trádáil dhigiteach idirnáisiúnta. Le malartuithe struchtúrtha, e.g. faoi chuimsiú chomhpháirtíochtaí digiteacha agus idirphlé digiteach an Aontais, tabharfar aghaidh ar mhíchothromaíochtaí atá ann cheana i gcás ina sreabhann sonraí an Aontais thar lear gan coimircí leordhóthanacha.

Má leanann bearnaí de bheith ann, agus ar bhonn critéir oibiachtúla, déanfaidh an Coimisiún gníomhaíocht chomhréireach agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais á n-urramú go hiomlán aige. Eiseoidh sé treoirlínte in R2-2026 chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a gcaitheann tríú tíortha le heintitis an Aontais agus chun bosca uirlisí frithsceite sonraí a fhorbairt in R1 2026 chun aghaidh a thabhairt ar éilimh logánaithe, eisiamh margaidh, nó coimircí neamhleora nó aon chóir eile nach bhfuil údar léi. Féadfaidh an bosca uirlisí sin leas a bhaint as ionstraimí amhail an Rialachán maidir le Forfheidhmiú Trádála[37], an Ionstraim Frith-Chomhéigin[38], agus breithnithe slándála eacnamaíche, de réir mar is infheidhme, nó féadfaidh siad a bheith ina spreagadh don bhosca uirlisí , agus díreoidh sé ar theicneolaíochtaí agus ar dhea-chleachtais chun athléimneacht an Aontais a neartú. Mura dtugtar aghaidh ar shaobhadh struchtúrach nó ar chleachtais idirdhealaitheacha leanúnacha, breithneoidh an Coimisiún, i gcás inar gá, bearta breise chun dálaí cothroma a áirithiú maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí.

An tráth céanna, tabharfaidh an Coimisiún cosaint níos fearr do shonraí íogaire neamhphearsanta an Aontais, rud a chomhlánóidh cosaint sonraí pearsanta a ráthaítear trí RGCS agus trí chinntí leordhóthanachta. Agus é ag obair le páirtithe leasmhara, agus tar éis thorthaí na ngrinnmheasúnuithe riosca, glacfaidh sé an chéad phacáiste de bhearta spriocdhírithe faoi R3 2026.

[37] Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le feidhmiú chearta an Aontais chun rialacha trádála idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 3286/94 ón gComhairle IO L 189, 27 Meitheamh 2014, lch. 50–58

[38] Rialachán (AE) 2023/2675 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a chosaint ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha (Ionstraim Frith-Chomhéigin), IO L 322, 27 Samhain 2023

### ii. Éiceachórais comhroinnte sonraí an Aontais a nascadh le héiceachórais comhroinnte sonraí tríú tíortha atá ar aon intinn

Is bonn iontaofa do shealbhóirí sonraí eachtracha é creat dlíthiúil an Aontais maidir le cosaint sonraí, cibearshlándáil, forfheidhmiú agus sásamh breithiúnach. Cothóidh an Coimisiún naisc shlána, chóineasaithe agus idir-inoibritheacha idir éiceachórais sonraí an Aontais agus éiceachórais sonraí comhpháirtithe atá ar aon intinn leo chun níos mó sreafaí sonraí a mhealladh chuig an Aontas.

Áirítear ar na bearta atá beartaithe (i)tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí agus bonneagar amhail spásanna coiteanna sonraí Eorpacha chun comhroinnt trasteorann rianúil a chumasú; (ii) uirlisí a sholáthar amhail clásail chonarthacha chaighdeánacha chun cuidiú le gnólachtaí malartuithe dleathacha a áirithiú; (iii) agus gealltanais maidir le comhroinnt sonraí trasteorann a leabú i gcomhaontuithe idirnáisiúnta déthaobhacha agus ilpháirtithe.

Chun cóineasú agus idir-inoibritheacht a neartú, cuirfidh an Coimisiún an Creat Eorpach um Shonraí Iontaofa chun cinn in idirphlé idirnáisiúnta agus sa Líonra Comhpháirtíochta Digití. Féachfaidh sé freisin ar lipéad iontaoibhe a chruthú, lipéad a d’fhéadfadh a bheith nasctha leis an tsamhail aibíochta le haghaidh spásanna sonraí – creat caighdeánaithe atá ceaptha chun measúnú a dhéanamh ar chumais na dtionscnamh spáis sonraí – chun tacú leis an gcomhar le rialtais agus le gnólachtaí thar lear.

### iii. Borradh a chur faoi ghuth an Aontais i rialachas domhanda sonraí

Tá an tírdhreach domhanda á ilroinnt ag samhlacha iomaíocha rialachais sonraí. Cuirfidh an Coimisiún dlús le cur chun cinn chuir chuige an Aontais go hidirnáisiúnta, go háirithe i gcreataí atá ag teacht chun cinn, agus neartóidh sé comhghuaillíochtaí le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis.

Faoi 2026, i gcomhréir leis an Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta[39], déanfaidh an Coimisiún agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí comhpháirtíochtaí digiteacha maidir le rialachas sonraí a dhoimhniú agus a nascadh, agus ailíniú á dhéanamh acu le comhpháirtithe a bhfuil cuspóirí coiteanna acu agus déanfaidh siad comhaontuithe trádála digití agus caibidlí digiteacha a fhorbairt a thuilleadh laistigh de chomhaontuithe trádála traidisiúnta. Leanfaidh sé de bheith rannpháirteach go gníomhach i bhfóraim amhail G7, G20, ECFE agus na Náisiúin Aontaithe, agus ionstraimí amhail ‘Dearbhú ECFE maidir le Rochtain ag an Rialtas ar Shonraí Pearsanta’ á n-úsáid aige.

Tabharfar aird ar leith ar chuir chuige an Aontais agus ar chomhar comhthairbheach a chur chun cinn le tíortha is iarrthóirí, le tíortha is iarrthóirí ionchasacha agus leis na comharsana is gaire dóibh. Oibreoidh an tAontas freisin le comhpháirtithe chun féachaint ar ardán comhroinnte a bhunú le haghaidh sonraí poiblí ardluacha roghnaithe (e.g. oidhreacht

[39] An Coimisiún Eorpach agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, *Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle – Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta don Aontas Eorpach* , JOIN(2025) 140 final, an Bhruiséil, an 5 Meitheamh 2025

chultúrtha) agus chun socruithe iontaofa a shaothrú maidir le sreafaí sonraí íogaire, rochtain rialtais, agus rialacha earnáilsonracha. ardán comhroinnte le haghaidh sonraí poiblí ardluacha roghnaithe (e.g. oidhreacht chultúrtha) agus socruithe iontaofa a shaothrú maidir le sreafaí sonraí íogaire, rochtain rialtais, agus rialacha earnáilsonracha.

| ***Gníomhaíochtaí suaitheanta*** |
| --- |
| • Treoirlínte a eisiúint chun measúnú a dhéanamh ar láimhseáil chothrom shonraí an Aontais thar lear (R2 2026)<br>• Bosca uirlisí a chruthú chun logánú gan údar, eisiamh, coimircí laga, agus sceitheadh sonraí a chomhrac (R2 2026) agus bearta a ghlacadh chun sonraí íogaire neamhphearsanta a chosaint (R3 2026) |

## 5. Straitéis um Aontas Sonraí Eorpach: sonraí a dhíghlasáil le haghaidh IS

Chun iomaíochas a áirithiú i ré na hintleachta saorga, athraíonn an Straitéis um Aontas Sonraí Eorpach an fócas ó rialacha a leagan síos go torthaí a bhaint amach. Ag tógáil ar na bunchlocha atá i bhfeidhm ó bhí 2020 ann, téann sí i ngleic le ganntanas sonraí, castacht rialála, agus iomaíocht dhomhanda.

Leanfaidh an Bord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí de bheith ina fhóram lárnach rialachais, a athchóireofar le haghaidh díospóireachtaí teicniúla níos doimhne agus idirphlé straitéiseach leis na Ballstáit agus leis an tionscal. An tráth céanna, is í an Chomhghuaillíocht um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga a bheidh ina príomhbhealach le haghaidh aiseolas earnála, rud a chinnteoidh go múnlóidh cuideachtaí, taighdeoirí agus gníomhaithe poiblí an cur chun feidhme. Déanfaidh an Fhaireachlann IS treochtaí atá ag teacht chun cinn a rianú agus iad a aistriú ina léargais bheartais.

Le gníomhaíochtaí spriocdhírithe, méadófar sonraí ardcháilíochta, simpleofar an tírdhreach rialála, agus neartófar ról an Aontais i sreafaí sonraí domhanda. I gcás FBManna agus nuálaithe, ciallaíonn sé sin comhlíonadh níos saoire, rochtain níos éasca ar shonraí, agus timpeallacht idirnáisiúnta níos fabhraí.

Ní chuirfear i gcrích ach an méid a dhéantar a thomhas. Sin é an fáth ar fhógair an Coimisiún treochlár don mhargadh aonair chun luas na bpróiseas a mhéadú agus chun dlús a chur leis. Is féidir leis an Straitéis um Aontas Sonraí Eorpach rannchuidiú de réir mar is iomchuí leis an treochlár chun treoraíocht a thabhairt do lucht ceaptha beartas agus don tionscal, go háirithe FBManna, maidir le bacainní a bhaint agus an margadh aonair le haghaidh sonraí a chomhlánú.

Ag obair i gcomhar leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, áirithítear leis an Straitéis um Aontas Sonraí Eorpach go gcumhachtaíonn bunchlocha sonraí an Aontais forbairt, cur in úsáid agus glacadh IS go díreach ar fud na n-earnálacha uile.

Tá an fhís fhadtéarmach soiléir: geilleagar ceannasach sonraí Eorpach ina sreabhann sonraí go slán freagrach, lena ndéantar IS a chumhachtú, an nuálaíocht a spreagadh, agus an t-iomaíochas a threisiú.